Cor Poist ón nGaelAonad bunscoile d'Fheabhra 2025

A chomhmhúinteoirí,

Gaoth an Earraigh chugaibh. I rith na míosa seo, bímis ag ceiliúradh Lá Fhéile Bríde, Imbolc, Lá Fhéile Vailintín agus teacht an Earraigh. Tá súil againn go mbainfidh sibh úsáid as na hacmhainní thíos luaite i rith na míosa seo.

Féile Imbolc

Seo linn **Imbolc**, tús an Earraigh!

Is féile í Imbolc (i mbolg, nuair atá caoirigh ag iompar uain) a cheiliúrann tús an earraigh agus tá sí á comóradh ón aimsir ársa. Marcálann sí an lárphointe idir grianstad an gheimhridh agus cónocht an earraigh, agus de ghnáth titeann sí idir 3 agus 6 de Fheabhra.

Tá cur i láthair faoi Fhéilte na Bliana ar fáil anseo
https://www.forasnagaeilge.ie/angum/wp-content/uploads/sites/5/2020/12/dc95b2773532d069b785c770bf6a48c5.pptx

---

Leabhar na Míosa:

An Coileach Codlatach Scríofa ag Nuala Nic an Iomaire agus foilsithe ag Futa Fata



Is Coileach cairdiúil cneasta é Cáilín. Ach tá laige uafásach amháin ag baint leis – níl sé in ann éirí ar maidin! Ach athraíonn gach rud nuair a thagann cuairteoir nach raibh súil ar bith leis....

Éist leis ar: https://soundcloud.com/rnl/leabhar-do-phaisti-an-coileach-codlatach-futa-fata
Nó léigh an scéal in éineacht le **Scéal an Lae Cúla4**:https://youtu.be/RXdjSu_1TH4?si=-JTK4aRL8u-6VlCr

Spreag an Léamh!

Club Leabhar Rang 5 & 6 COGG agus Foras na Gaeilge
https://www.cogg.ie/clubleabhar/
Físeán Eolais https://vimeo.com/1026278853?share=copy

Céard fút féin? Club leabhar do dhaoine fásta
Tá sé mar aidhm ag www.clubleabhar.com léitheoirí in Éirinn agus thar lear a spreagadh agus a thabhairt le chéile chun leabhair a léamh agus a phlé.
Leabhar na míosa seo do dhaoine fásta ná 'Caithréim agus Tóir' Eithne Ní Ghallchochobhair.

Scríobh Leabhar

Is tionscadal é Scríobh Leabhar https://www.forasnagaeilge.ie/scriobhleabhar/ atá urraithe ag Clár na Leabhar Gaeilge. Reáchtáiltear an tionscadal i gcomhpháirt le hionad oideachais éagsúla ar fud na hÉireann. Tugann Scríobh Leabhar deis do pháistí bunscoile a gcuid leabhar féin a scríobh, a dhearadh, agus a fhoilsiú as Gaeilge. Cuireann sé léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge chun cinn i measc páistí óga. Déanann na páistí a gcuid Leabhar féin a scríobh, a mhaisiú agus a cheangal faoi threoir a múinteoirí. Cuireann an tionscadal an-bhéim ar an bpróiseas scríbhneoireachta féin.

Amhrán: Cill Aodáin (Anois teacht an Earraigh)
Antaine ó Raifteirí

Anois teacht an earraigh beidh an lá ag dul chun síneadh,
Is tar éis na féil Bríde ardóidh mé mo sheol.
Ó chuir mé i mo cheann é ní chónóidh mé choíche
Go seasfaidh mé síos i lár Chontae Mhaigh Eo.

I gClár Chlainne Mhuiris a bheas mé an chéad oíche,
Is i mballa taobh thíos de a thosóidh mé ag ól
Go Coillte Mách rachaidh go ndéanfadh cuairt mhíosa ann
I bhfogas dhá mhíle do Bhéal an Átha Mhóir

Fágaim le huacht é go n-éiríonn mo chroí-se
Mar a éiríonn an ghaoth nó mar a scaipeann an ceo
Nuair a smaoiním ar Cheara nó ar Ghaileang taobh thíos de
Ar Sceathach an Mhíle nó ar phlánaí Mhaigh Eo;

Cill Aodáin an baile a bhfásann gach ní ann,
Tá sméara is subh craobh ann is meas de gach sórt,
Is dá mbéinnse i mo sheasamh i gceartlár mo dhaoine
D'imeodh an aois díom is bheinn arís óg.

Éist leis ar TGFoghlaim https://foghlaim.tg4.ie/ceacht/6312860965112

Acmhainn na Míosa: Kahoot! (as Gaeilge)

Kahoot!

Físeán Eolais ó Oide: https://youtu.be/p_OoqEy-8Y4?si=Q5C87-XIX8Fj37TU.
Is ardán foghlama atá bunaithe ar chluichí é Kahoot! a dhéanann cluichí foghlama nó ceisteanna eolais a chruthú, a roinnt agus a imirt go héasca agus a bheadh an-úsáideach sa seomra ranga.

Samhail na míosa

Chomh crosta le cat fiáin

Chomh cantalach le mála easóg

Chomh dall le cearc san oíche

Chomh socair le huan

Chomh saothrach le beach

Chomh haerach le féileacán

Chomh cruinn le gráinneog

Chomh rógánta le madra rua (sionnach)

Chomh glic le sionnach

Seanfhocal : Is annamh earrach gan fuacht

Guíonn Foireann na Bunscoile an GhaelAonaid lá Fhéile Vailintín Sona oraibh

grá

Déan teagmháil linn ar eolas@oide.ie. agus leanaigí sinn ar 𝕏 @OidePrimGaeilge